EMU: Na Deiseanna agus na Bagairtí

Is iomaí tagairt a dhéantar sna meáin na laethanta seo d'Aontas Airgeadaíochta na hEorpa, nó EMU. Ach cad é EMU, an dtarlóidh sé in aon chor agus cad iad na himpleachtaí d'eagraíochtaí gnó na tíre seo?

Go simplí, is feachtas polaitiúil agus eacnamaíoch é EMU, atá á chur chun cinn de bharr Chonradh Maastricht, chun airgeadra singil, ar a dtabharfar 'Eora' (i nGaeilge) nó 'Euro' (i mBéarla), a chruthú. Is iad na príomhchuspóirí atá leis ná deireadh a chur le neamhchinnteacht faoi rátaí malairte idir thíortha an EMU, rátaí úis thíortha an EMU a thabhairt le chéile agus margadh domhanda singil a chothú san Eoraip.

Tá trí spriocdháta i leith EMU tábhachtach don tír seo:

- Bealtaine, 1998: Foilseofar liosta de thíortha an EU a bheidh páirteach ann.
- Eanáir, 1999: Cuirfear rátaí malairte seasta idir na tíortha atá páirteach in EMU i bhfeidhm agus beidh an t-Eora ina Aonad Cuntais as sin amach.
- Eanáir, 2002 (ar a dhéanaí): Tabharfar nótaí agus monaí an Eora isteach agus cuirfear nótaí agus monaí na hÉireann ar ceal.

Ceaptar um an dtaca seo go bhfuil dóchúlacht thart ar 70% ann, tite dála an scéil ó 85% go 90% trí mhí ó shin, go dtarlóidh EMU in aon chor. Go deimhin, i gcás na hÉireann, níl sé leath chomh cinnte anois go mbeimid inár mball ar an lá tosaigh. Ceaptar, áfach, go bhfuil seans maith ann go mbeidh ocht mball d'EMU ann lasmuigh d'Éirinn: An Ghearmáin, An Fhrainc, An Ostair, An Bheilg, Lucsamburg, An Ísiltír agus An Fhionlainn. Seans go dtiocfaidh An Spáinn, An Iodáil agus an Phortaingéil isteach níos déanaí ach níl mórán dóchais ann go mbeidh An Ríocht Aontaithe, An tSualainn ná An Ghréig ina mbaill in aon chor. Dar le saineolaithe, is léir gur próiseas polaitiúil níos mó ná próiseas eacnamaíoch atá i ngluaiseacht EMU um an dtaca seo agus má chuirtear moill anois air, seans nach dtarlóidh sé choíche.

Cé nár deineadh plé cuimsitheach fós ar thionchar EMU ar ghnáthphobal na tíre — níor deineadh mórán tagairtí dó le linn Toghcháin '97 mar shampla — tá impleachtaí ollmhóra ann don mhargadh. Sa mhéid sin, is botún é EMU a chur i gcomparáid leis an Deachúlú a tharla sna seactóidí. Beidh tionchar EMU i bhfad níos fairsinge. Dáiríre, is féidir a bheith deimhin de go n-athróidh EMU iompar iomlán mhargaí tomhaltais agus tionsclaíochta an EU.

Tá an-fhonn, faoi láthair, ar an Rialtas go mbeadh eolas breise ar fáil do lucht gnó na tíre faoi conas a gcúrsaí a chur in eagar don ré nua amach anseo. Le déanaí láinseáil An Roinn Airgeadais, An Roinn Fiontar agus Fostaíochta agus An Roinn Trádála agus Turasóireachta le chéile feachtas dár teideal 'EMU Awareness Campaign'. Tá na bainc, freisin, ag iarraidh a gcustaiméirí a spreagadh, ar mhaithe leis na bainc féin, dar ndóigh!. Tá lámhleabhar, 'The ABC of EMU', foilsithe ag AIB agus tá an banc sin ag eagrú seimineáir eolais faoi láthair, dírithe ar lucht gnó na tíre.

Níl aon dabht ann ach go mbeidh buaiteoirí agus caillteoirí go leor ann de bharr EMU. Braithfidh céard a tharlóidh i gcás aon chomhlachta faoi leith ar a struchtúr eagraíochta, ar cad as a dtagann na hionchuir agus cá dtéann na haschuir, agus ar cé hiad na hiomatheoirí idirnáisiúnta atá aige. Mar shampla, má dhíolann comhlacht Éireannach earraí i margadh Shasana, beidh a dtodhchaí ag brath ar an bhfuil an Ríocht Aontaithe ina bhall d'EMU, an mbeadh sé éasca ag an Ríocht Aontaithe táirgí eile a aimsiú in ionad tháirgí an chomhlachta Éireannaigh, agus a leithéid. Cinnte, is iad na comhlachtaí sin a théann in iomaíocht sa mhargadh le táirge nó le seirbhís agus an iomaíocht sin bunaithe ar phraghas amháin, nó a bhfuil a gcorrlach costais íseal, atá go mór i mbaol. Is ag na comhlachtaí a bhfuil corrlach costais ard acu nó a bhfuil earraí dlútheolais acu a bheidh an chosaint is airde.

Moltar do chomhlachtaí anailís a dhéanamh ar thionchar EMU in dhá réimse faoi leith: tionchar ar oibríocht agus tionchar ar straitéis. Baineann an chéad cheann le cúrsaí airgeadais, le cuntasaíocht, le eolas teicneolaíochta, le ceisteanna dlí agus le acmhainní daonna. Baineann an tionchar ar straitéis le radharc fadtéarmach a thabhairt ar chúrsaí iomaíochta agus margaíochta, ar nós cé na tíortha a bhfuil monarchana an chomhlachta lonnaithe iontu nó cé as a bhfuil sé ag cheannach agus cé leis a bhfuil sé ag díol.

Is léir go mbeidh tionchar ollmhór ag gluaiseacht EMU ar an tír trí athshainmhíniú a thabhairt ar an margadh. In a lán slite, táimid ag obair sa dorchadas faoi seo, de bharr nach bhfuil aon taithí ag éinne ar rud mar seo a tharlú cheana. Mar a deir David Roberts, saineolaí AIB, tá feachtas EMU cosúil le bheith ag baint craicinn d'oinniún. Gach uair a bhaintear sraith amháin de, faightear ceann eile fúithi. Bímis ag súil nach ag gol a bheimid nuair a bheidh an jab déanta!

Is é Fionnbarra Ó Brolcháin Stiúrthóir FIONTAR DCU.